CEACHT 8

AG CRUINNIÚ ÚLL



Pictiúr: Radharc:
Daidí agus Páid ag obair sa ghairdín, crann úll, úlla ar an talamh, Daidí ag baint na n-úll den chrann, Páid ag cruinniú na n-úll den talamh. Comhartha ceiste, bosca chun na húlla a chur isteach ann, Mamaí sa chistin (Ceacht 7), pota suibhe le cur sa chiorcal cainte. Gníomhartha agus geáitsíocht a úsáid de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha
An Satharn a bhí ann. Bhí Daidí agus Páid ag obair sa ghairdín. Bhí crann úll ag fás sa ghairdín. Chruinnigh Daidí na húlla a bhí ar an gcrann. Chruinnigh Páid na húlla a bhí ar an talamh.

Agallamh

DAIDÍ: Tabhair na húlla seo isteach sa chistin, más é do thoil é.
PÁID: Tá go maith, a Dhaidí.
MAMAÍ: Cá bhfuair tú na húlla deasa?
PÁID: Bhí siad ar an talamh sa ghairdín.
DAIDÍ: Thit siad den chrann inné.
MAMAÍ: Déanfaidh mé subh amárach.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cén lá a bhí ann?
Cá raibh Daidí agus Páid?
Bhí rud éigin ag fás sa ghairdín?
Céard a rinne Páid?

Tusa, a "Dhaidí", céard a deir tú le Páid faoi na húlla?
Freagair é, a "Pháid".
Cuir ceist ar Pháid, a "Mhamaí".
Inis dí, a "Pháid".
Céard a tharla dóibh, a "Dhaidí"?
Céard a dhéanfaidh tú amárach, a "Mhamaí"?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Bhí* Daidí agus Páid sa ghairdín.
   (*amárach, anois, gach lá;* an?: *inné;* an?: *amárach;* an?: *gach lá;* ní: *inné*).
2. Chruinnigh Páid na *húlla.*
   (*cloch, práta, éadaí, páipéar, liathróid, bláth*).
3. Cá bhfuair tú *na húlla*?
   (*na brioscaí, na horáistí, an fheoil, an t-airgead, an rothar, an ribín, an blús*).
4. *Déanfaidh* mé subh amárach.
   (*ith, ceannaigh, faigh*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma:
   Seán agus a chara sa ghairdín ag cruinniú prátaí le haghaidh an dinnéir.
3. Scéal a chumadh:
   An Domhnach a bhí ann. Ní raibh Páid ar scoil . . . etc.
4. Comhrá ar an bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Tá crann úll sa ghairdín
Sa ghairdín, sa ghairdín
Tá Daidí agus Páid ann
Ag cruinniú úll sa ghairdín.

Curfá
Na húlla, na húlla
Na húlla breátha ar an gcrann.

II

Um, um, um, um,
Na húlla sa ghairdín
Déanfaidh Mamaí subh dheas
Leis na húlla sa ghairdín.

Curfá
Na húlla, na húlla
Na húlla breátha ar an gcrann